

FEAR INA CHRAICEANN A D'ÉIRIGH AS AN BHFAIRRGE

Mairtín mhac Donnchadha, badh é athair mo mháthar é. Bhíodh sé ina bhádóir. Bhíodh sé ina iasgaire is ina bhádóir go dtí nach raibh sí indon dul i mbád. Bhí bád dhá cuid fein aige.

D'fhága sé Gaillimh, lá gaoithe anoir i ndheas i riocht go raibh cóir aige, agus go raibh an oiread cóir aige, is bhí an bád indon a thabhairt léithe. Nuair a bhí sé chomh fada le Sean-Charraig, amach ó Bhearna, d'éirigh an fear as an bhfairrge aníos go dtí na bhásta ar an mbord ós a chionn, (taobh na gaoithe den bhád) bhí a aghaidh ar an mbád agus é ag imtheacht i ndiaidh a thaobh, é i bhfoisgeacht fad croisín de'n bhád (18 dtroighthe). Bhí sé ag breathnú ar na daoine a bhí sa mbád agus bhí a ndíol faitchíos orthab is áithmhéaltas orthab. Choinnigh sé suas leob go ndeachadh said don Áird, gur leag sé isteach ar an gcaladh iad. Nuair a leag sé isteach ar an gcaladg iad, d'imthigh sé. Shincéail sé.

46

Nuair a bhí an fear ina chraiceann imthighe, luchtaigh said an bád aríst le feamainn dhubh. Thugadar an lucht sin go dtí an Chorann (Corann na Tamhnach) agus dhíoladar é. Nuair a bhí sé díolta acab sgaoil siad siar an bád ag dul abhaile san oidhche. Ní mórán achair a bhí seolta acab nuair a thuit an fear a bhí i néinfeacht le Máirtín Mac Dhonnachadha, sa mbád, ina chodladh. Thuit sé ina chodladh ar an mbalastór. Bhí Máirtín ag gabhail an bháid agus thosuigh ceo-codladh ag tigheacht air. D'airigh sé gleo sa bfarraige taobh thiar de, agus nuair a bhreathnuigh sé ina dhiadh bhí fear 'na chraiceann i ngreim i ndeire an bháid agus é ag iarraidh a chos a chur i máighistreach na stiúrach go mbaineadh sé teannta as an maighistreach go dtiocfadh sé isteach sa mbád. Sgannruigh Máirtín. Rug sé ar an tuagh agus bhain sé dhó an láim le buille den tuagh. Thuit an fear sa bhfarraige, agus las an fharraige, san áit a raibh sé.

48

Rug Máirtín ar an láimh agus chaith sé a láimh leis agus nuair a chaitheadh a láimh leis thosuigh sé ag béiceadhach. Bhí an bád ag teacht anoir agus chinn sé ar Mháirtín an fear eile a dhúiseacht. Tharraing sé an halamadóir as an stúir agus bhuail sé leis, an fear, a bhí ina chodladh ar ubhall a leise agus chin sé ar a dhúiseacht. Níor an fear go dtáinig an bád sa gcaladh.

Dhúisigh sé annsin agus bhí sé ag béiceadhach le pian in ubhall a leise san áit ar bhuail Máirtín leis an halmadóir é. Theastuigh maide láimhe aríst uaidh go bhfuair sé bás. Seán mór a bhí ar an bfhéar seo.

Lár n-a bhárach dubhairt Máirtín nach dtiubhradh sé thuras ar Chuan na Gaillimhe aríst go dtiubharadh sé turas timcheall ar Cruach na Cara agus Cruach na Caoile (Caolann agus Mac

Dara), an dá naomh a bhfuil siad ainmnighthe uathab go n-umhaluigheadh sé do na naoimh.

49

Chuaidh sé annsin agus thug sé fear leis agus nuair a bhí sé ag dhul timcheall ar Chruach na Cára, nuair a tháinig sé ar aghaidh na h-áite a bhfuil an tobar, agus an leachta, bhí an fear na shuidhe ar ceann do na leachtaibh agus culaidh bhuidhe air. Fear mór, agus cos os cionn na coise eile aige, a leabhar mhór leagtha ar a ghlúin aige, agus é dhá léigheadh. “Seod é Mac Dara”, adeir Máirtín.

“Leagfa tú an seol tosuigh”, adeir sé, leis an bhfear a bhí i n-éinfeacht leis.

“Nuair a bhéas sé leagtha agat labhróchaidh mé leis.

Nuair a bhí an fear dá leagann, tháinig gaoth sa taobh eile dhe agus cuireadh an seol idir Mháirtín agus an fear liath agus ní fhaca sé aon amharc níos mó air.

Lár na bhárnach chuaidh sé timcheall ar Cruach na Caola agus chonnaic sé Caolann ar an mbealach a bhfaca sé Mac Dara.

50

Bhí an culaidh chéadna air a bhí an Mac Dara, agus an leabhar dá leigheadh aige, mar bhí ag Mac Dara. Tháinig an seol sa mbealach ar Mháirtín, agus ní fhaca sé Caolann níos mó. Nuair a bhí sé curtha i Muinighís acab spáineadar iad féin dó agus ariamh ina dhiadh sin níor éirigh aon bhlas dó ar an bhfarraige.

Micilín

10/03/1931